Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí agus Plean Bainistíochta maidir le Teagmhais Chriticiúla 2010

Réamhráiteas:

Chuir foireann teagaisc an plean seo le chéile le linn lae pleanála ar an 1/5/2009. Cuireadh faoi bhráid an bhoird bainistíochta agus tuismitheoirí na scoile é i mí Deireadh Fómhair 2010.

Rationale:

"Is í pleanáil an bhunghné chun teagmhas criticiúil a bhainistiú. Tuairiscíonn síceolaithe go bhfuil scoileanna le polasaí scoile agus plean Bainistíochta maidir le Teagmhais Chriticiúla acu, ábalta déileáil níos éifeachtaí le torthaí teagmhais. Le plean, cuirtear ar chumas na foirne gníomhú go gasta agus go héifeachtach agus mothú smachta a choinneáil. D'fhéadfadh sé fosta a chinntiú go dtéann rudaí ar ais mar is gnách chomh luath agus is féidir agus go ndéantar na hiarmhairtí ar na daltaí agus múinteoirí a theorannú". *Freagairt ar Theagmhais Chriticiúla, Treoirlínte do Scoileanna,* An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (*An tSNSO), 2007*

Atmasféar sábháilte tacúil a chothú

- Cuirimid romhainn timpeallacht slán siceolaíochta a chruthú sa scoil go laethúil trí ráiteas físe na scoile agus trí chaighdeáin iompair a bheith leagtha síos go soiléar do chách sa Chód Iompair.
- Comhtháthaítear clár Bí Sábháilte agus Misneach i gcuraclam OSPS na scoile. Sna ceachtanna OSPS deintear cúram de bhealaí le déileáil le buairt agus caillteanas, scileanna cumarsáide, féin-mheas, scileanna chun bheith in ann deighléail le suaitheadh láidir mothúálach. Tá Sé Riail Órga Jenny Mosley glactha againn mar threoir laethúil.
- Tríd an Bheartas Frithbhulaíochta deintear éiteas tacaíoch, comhbhách a dhéileálann le deacrachtaí ar scoil a chothú
- Tá pobal uile na scoile eolach ar pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta na scoile
- Bíonn druil tine ann uair gach téarma
- Bíonn doirse seachtracha na scoile faoi ghlas i rith ama teagaisc.

Sainmhíniú ar Theagmhas Criticiúil

"Go ginearálta is éard atá ann ná teagmhas nó sraith imeachtaí a sháraíonn gnáthmheicníochtaí déileála na scoile agus a chuireann isteach ar reachtáil na scoile".

I measc na gcineálacha teagmhais chriticiúla a d'fhéadfadh tarlú sa scoil s'againne tá:

- Bás obann dalta, tuismitheora nó oide de thoradh tinnnis, timpiste nó foréigean
- Tine sa scoil
- Tuilte
- Timpiste bus scoile
- Fuadach/imeacht ball de phobal na scoile gan tásc ná tuairisc
- Tragóid sa chomharsanacht

Forbairt Foirne

- Tá cóip de na Treoirlínte um Theagmhais Chriticiúla agus an pacáiste Acmhainní ar fáil don fhoireann agus cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi sheiminéair agus cúrsaí inseirbhíse. Tabharfar cuireadh do shiceolaí na scoile forbairt foirne a sholáthar ag cruinnithe foirne/laethanta pleanála de réir mar a bhíonn gá.
- Cuirfear na Nósanna imeachta agus córais aitheanta d'fhonn páistí i mbaol a aithint in iúl don fhoireann teagaisc agus do phearsanra ábharach eile trí cóip de R 16 de chuid Acmhainní an tSNSO a sholáthar dóibh taobh istigh de 24 uair i ndiaidh Theagmhais Chriticiúil.
- Cothaíonn an Príomhoide nasc le gníomhaireachtaí seachtracha.
- Cuirfidh an tSNSO agus Seirbhís um Chuidiú Fostaithe (Fón 1800 411 057) tacaíocht ar fáil don fhoireann, nuair is gá.

Forbairt, foilsiú agus cur in iúl an phlean :Déantar deimhin de go bhfuil an fhoireann teagaisc agus an FBTC ar an eolas faoi Phlean na scoile um Theagmhaisí Chriticiúla trí cóip a bheith sa bPlean Scoile [1] agus é a ardú ag cruinnithe foirne.

- Cuirfidh Bríd Ní Sheachnasaigh ionadaithe ar an eolas faoin bPlean. Leanfar R13 d'Acmhainní an tSNSO maidir le haslonnú dhaltaí i ndiaidh bháis tragóideach.
- Ullmhóidh Cathaoirleach an bhoird bainistíochta ráiteas a eiseofar do na meáin chumarsáide
- Tá cóipeanna crua den Phlean seo ar fáil ó oifig na scoile agus tá sé luaite sa Leabhrán do Thuismitheoirí.

Uimhreacha teagmhála

- Bíonn liosta cothrom le dáta d'uimhreacha teagmhála thuismitheoir/caomhnóirí ag gach oide dá rang féin agus do gach dalta agus ball foirne san oifig.
- Tá liosta sonraí teagmhála éigeandála ar son na n-oidí ag an bpríomhoide agus déantar é a uasdhátú go bliaintiúil i mí Mean Fómhair.
  - Tá liosta Seirbhísí tacaíochta éigeandála in Aguisín 2 den Phlean seo
- Tá liosta na seirbhísí tacaíochta éigeandála ar crochadh sa seomra foirne, in oifig an Rúnaí agus in oifig an phríomhoide.

Acmhainní

- Tá pacáiste réidh le breith leo ag an FBTC ar fáil in oifig an phríomhoide.
- Tá teimpléid leictreonach de litreacha réamh ullmhaithe le haghaidh tuismitheoirí agus teimpléid le haghaidh ráitis do na meáin chumarsáide ag Rúnaí, príomhoide agus ag Cathaoirleach an bhoird bainistíochta.
- Tá liosta sonraí teangmhála éigeandála ag Rúnaí agus ag príomhoide na scoile.
- Tá seicliosta le haghaidh an chéad 24 uair a' chloig sa Phlean seo [thuas] agus léarscáil de leagan amach na scoile i bPlean Scoile 1.
- Deintear druil tine uair sa téarma agus tá na bealaí éalaithe liostáilte i ngach seomra.
- Déanfar seomra a shannadh sa scoil nó in ionad an pharóiste a úsáidfear sa chás go dtarlódh teagmhas criticiúil. Fógrófar ionad an tseomra chomh luath agus is féidir i ndiaidh theagmhais chriticiúil.

Eolas maidir le turais scoile

- Bíonn liosta de na daltaí/baill foirne/tuismitheoirí atá bainteach le turas scoile agus a gcuid uimhreacha teagbhála ag Rúnaí na scoile.
- Bíonn an liosta céanna ag na hoidí { Foirmeacha éigeandála} agus beireann siad leo iad ar gach turas scoile.
- Bailítear eolas leighis suas chun dáta ar dhaltaí i mí Meán Fómhair gach bliain. Iarrtar ar thuismitheoirí eolas nua a thagann chun cinn i rith na bliana scoile a chur in iúl don oide ranga cuí láithreach.

Coinneáil Taifead

- Coinneoidh gach ball foirne taifead ar ghlaonna gutháin a cuireadh nó a glacadh, litreacha a seoladh nó fuarathas, cruinnithe a tionóladh, acmhainní a úsáideadh srl. i ndiaidh theagmhais criticiúil.
- Úsáidfear bileog deartha scoile chun na taifid seo a thaifeadadh, agus coinneofar in oifig an phríomhoide iad faoi ghlas go ceann dhá bhliain.
- Beidh rochtain ag daoine profaisiúnta cuí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar na taifid seo.

Athbhreithniú an phlean:

Déanfar an plean seo a athbhreithniú go bliantúil i mí na Samhna. Is í an Príomhoide Tánaisteach, Maebh Uí Irile, a dhéanfaidh an próiséas athbhreithnithe a stiúradh.

Arna fhaomhadh ag an mBord Bainistíochta ar an xx/xx/2011.

Síniú: _____ Dáta:_____
Tara Nic Thighearnáin, Cathaoirleach

Aguisín 1

Foireann Bainistíochta Theagmais Chriticiúil [FBTC] 2010-2012

Ról	Ainm	Uimhir Ghutháin
Ceannaire foirne	**Deirdre Ní Dhuillearga**	**(B) 01-6245147 (póca) 087 2444147 dnidh@eircom.net**
An Garda Síochána	**Deirdre Ní Dhuillearga**	**(B) 01-6245147 (póca) 087 2444147 dnidh@eircom.net**
Caidreamh leis an bhfoireann teagaisc	**Deirdre Ní Dhuillearga** **Maebh Uí Irile** **Bríd Ní Sheachnasaigh**	**(B) 01-6245147 (póca) 087 2444147 dnidh@eircom.net** **(B) 01- 62** **(B) 01-62**
Caidreamh le daltaí	**Oidí ranga**	
Caidreamh le tuismitheoirí	**P.O. & Oidí Ranga**	
Caidreamh leis an bpobal	**Cathaoirleach an bhoird bainistíochta**	**087-taramckiernan@eircom.net**
Caidreamh leis na meáin	**P.O./ Cath. an bhoird bainistíochta**	**087-taramckiernan@eircom.net**
Riarthóir	**Rúnaí/P.O.**	